Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**8908/26**

**LIMITE**

**CORLX 435**
**CFSP/PESC 638**
**COAFR 120**
**CONUN 68**
**COARM 69**
**FIN 634**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2147 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine |

**RIALACHÁN (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2147 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine[1+],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L, …, ELI: ….

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus dáta glactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 8906/26 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2135[2] agus Rialachán (AE) 2023/2147[3], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine. Áirítear leis na bearta sin toirmeasc taistil, reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe, agus toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí áirithe.

(2) An 21 Aibreán 2026, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais le cur in iúl go bhfuil 3 bliana ann ó thosaigh an cogadh sa tSúdáin. Cuireadh i bhfios go láidir sa ráiteas go bhfuil an choinbhleacht idir Fórsaí Armtha na Súdáine, na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí cleamhnaithe faoi seach ag scriosadh saol daoine agus ag ceilt ar an bpobal na hardmhianta a bhain le réabhlóid 2018/19. Cuireadh in iúl sa ráiteas go n-úsáidfeadh an tAontas na huirlisí uile atá ar fáil, lena n-áirítear taidhleoireacht agus bearta sriantacha, chun síocháin a éileamh, lena n-áirítear smachtbhannaí breise atá dírithe ar gheilleagar cogaidh na Súdáine.

PUBLIC

2 Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj).

3 Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine (IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj)

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa tSúdáin, an …, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/…[+], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2135, lena dtugtar isteach toirmeasc ar ór a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Súdáine é agus má onnmhairíodh ón tSúdáin isteach san Aontas nó isteach in aon tríú tír é agus toirmeasc ar earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh mianadóireacht óir nó saothrú óir a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach,, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSúdáin, nó ar mhaithe lena n-úsáid sa tSúdáin.

(4) D'aithin an Chomhairle earraí áirithe a mheasann sí a bheith i gcroílár phróiseas na mianadóireachta óir nó an tsaothraithe óir sa tSúdáin. Chun gur féidir conarthaí ábhartha atá ann cheana a fhoirceannadh a bhealach ordúil, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht shealadach ón toirmeasc ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú cuid de na hearraí sin.

(5) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2026/…[++], d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú i ngach Ballstát.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/2147 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus dáta glactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 8906/26.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 8906/26.



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2147 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(i) ciallaíonn ‘seirbhísí bróicéireachta’:

(i) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, lena n-áirítear ó thríú tír chuig aon tríú tír eile; nó

(ii) earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a dhíol nó a cheannach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad lonnaithe i dtríú tíortha lena n-aistriú chuig tríú tír eile;

(j) ciallaíonn ‘maoiniú nó cúnamh airgeadais’ aon ghníomhaíocht, cibé modh áirithe a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann sé go n-eisíocfaidh sé, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin go coinníollach nó go neamhchoinníollach, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthróra, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus athárachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, ach gan bheith teoranta don mhéid sin; ní maoiniú ná cúnamh airgeadais atá in íocaíocht an phraghais chomhaontaithe maille leis na téarmaí agus coinníollacha íocaíochta ar earra nó ar sheirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó;

PUBLIC

(k) ciallaíonn ‘cúnamh teicniúil’ aon tacaíocht theicniúil a bhaineann le deisiúcháin, forbairt, monarú, cóimeáil, tástáil, cothabháil, nó aon seirbhís theicniúil eile, agus féadfaidh sé a bheith i bhfoirm teagaisc, comhairle, oiliúna, eolas nó scileanna oibre a tharchur nó seirbhísí comhairliúcháin, lena n-áirítear cineálacha cúnaimh ó bhéal.

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 1a*

1. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn III a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Súdáine é agus má onnmhairíodh ón tSúdáin é isteach san Aontas nó in aon tríú tír tar éis an … [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

PUBLIC

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1 agus 2 maidir le hór atá ag teastáil chun críoch oifigiúil misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa tSúdáin a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.';

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1b*

1. Beidh toirmeasc ar earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh mianadóireacht óir nó saothrú óir, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSúdáin nó lena n-úsáid sa tSúdáin.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSúdáin nó lena n-úsáid sa tSúdáin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tSúdáin nó lena n-úsáid sa tSúdáin.

PUBLIC

3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*], is gcás inarb infheidhme, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí atá beartaithe chun críoch daonnúil, le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

4. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2837 11, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis an bhforghníomhú go dtí an … [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + 6 mhí] i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an … [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

---

[*] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).';

(4) cuirtear Iarscríbhinn III leis i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(5) cuirtear Iarscríbhinn IV leis i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.



PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC